# *Trádáil Chóir* - Póstaer le haghaidh Roinn 2, Ceist 1

**TRÁDÁIL CHÓIR**

**Dearbhaíonn praghas níos fearr do tháirgeoirí an Tríú Domhain**

Comharta dóchais is ea
Comhartha na TRÁDÁLA CÓRA.
Is é an t-aon dearbhú
neamhspleách ag Táirgeoirí
an Tríú Domhain é go mbeidh beart
níos fearr le fáil acu

Is é a thuigtear le trádáil chóir ná

* Ag íoc praghais níos córa
* Ag ceannach go díreach ó tháirgeoirí
* Ag íoc bónais chomh maith leis an íosphraghas chun gur féidir forbairt pobail a chur chun cinn
* Ag trádáil ar bhonn fadtéarmach, rud a chuireann ar chumas táirgeoirí pleanáil don todhchaí

TRÁDÁIL CHÓIR Dearbhaíonn praghas níos fearr do tháirgeoirí an Tríú Domhain

Oxfam

www.oxfamireland.org

## Cé hé /hí an t-Ombudsman do Leanaí?

Is í Emily Logan an chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn.

D'oibrigh Emily mar altra leanaí ar feadh 22 bhliain sular ceapadh í mar Ombudsman do Leanaí agus mar sin tá an-taithí aici ar a bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga.

## Cad é cúram an Ombudsman do Leanaí?

Bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí faoi Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002. Is í an aidhm atá ag an Ombudsman do Leanaí ná na cearta agus na nithe a théann chun leasa leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana a chur chun cinn agus a chosaint.

Déanann Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, cur síos go mion ar ar féidir leis an Ombusdman do Leanaí a dhéanamh. Is iad na trí phríomhréimse oibre atá leagtha síos in Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, ná:

- Cearta leanaí a chur chun cinn
- Taighde agus polasaí
- Gearáin agus fiosruithe



**Ombudsman**

do leanaí agus daoine óga

Scríobh chugainn ag:
Oifig an Ombudsman do Leanaí
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid Mhór na Trá
Baile Átha Cliath 1

nó seol ríomhphost chugainn ag oco@oco.ie
nó cuir glaoch teileafóin orainn ar Lo-Call 1890 654 654
nó (01) 865 6800

Ó Oifig an Ombudsman do Leanaí

# *Feachtas Cannaigh é* - Leathanach gréasáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3.

About Bin it! > Wrigleys - Microsoft Internet Explorer

File Edit Favourites Tools Help

Back Search Favorites

Address http://www.chewitbinit.com/about/asp

Google G Go Bookmarks PageRank 82 blocked Check AutoLink AutoFill Send to



Is í an fhadhb ná an guma a chaitheann daoine uathu - tá an réiteach ag brath ortsa!

Cannaigh é!

Maidir le | Ceistiúchán faoi fhíricí guma | Déan difríocht | Ceistiúchán | Cluichí | Suirbhé | Múinteoirí | Turas

## Maidir le Cannaigh é!



Is í aidhm an tsuímh ghréasáin *Cannaigh é!* ná eolas a thabhairt do dhaoine óga ar na ceisteanna a bhaineann le fadhb a gcastar ar gach éinne le linn a shaoil: guma coganta a chaitear ar an talamh. Tá formhór an phobail ar aon aigne go bhfuil gumabhrúscar gránna agus deacair fáil réidh leis. Is féidir leas a bhaint as an suíomh gréasáin seo chun a fháil amach faoi fhícricí guma sa cheistiúchán againne, chun a fháil amach cén saghas cogantóra tú i ndáiríre i gceistiúchan na pearsantachta againne, agus chun triail a bhaint as an gcluiche Cannaigh é! Is féidir leat chomh maith roinnt de na hiarmhairtí a bhíonn ag guma ar an dtimpeallacht a fheiceail sa ghníomhaíocht Athraigh an scéal agus a fháil amach conas a bhraitheann daoine i do cheantar faoin tslí is ceart guma a chur de láimh trí pháirt a ghlacadh i suirbhé na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann againne.

© Comhlacht Wrigley Tta. Gach ceart ar cosaint Baile Téarmaí Príobháideacht

Más maith leat aon cheist a chur mar gheall ar an gclár nó más maith leat teagmháil linn, seol rphost chugainn

Cogain → Burláil → Cannaigh

# Féinchabhair

## Alt Nuachlitreach: Fadhbanna Uisce Gogne Réitithe



Eagaríocht Éireannach is ea *Féinchabhair* atá i mbun oibre san Afraic. Le déanaí, chuir an eagraíocht togra i gcrích le cabhair ó na daoine i mbaile Gogne, in Eritréa. Bhí an saol ag dul i ndéine go mór don 15,000 duine a raibh cónaí orthu sa bhaile toisc go raibh ganntanas mór uisce orthu.

Bhí uisce glan á dhíol ag trádálaithe ar phraghas an-ard, 40 nafka in aghaidh an bhairille (€1.80). Tar éis cúpla mí, bhearthaigh an togra *Féinchabhair* gineadóir agus pumpa a chur isteach i bpríomhthobar uisce an bhaile. Chuir sé seo uisce poiblí ar fáil arís ar chostas i bhfad níos ísle, 5 nafka in aghaidh an bharille (€0.25 cent). Deisíodh agus athchóiríodh mórán de na humair uisce agus de na sconnaí uisce áitiúla le linn an togra.

Deisíodh ceithre umar uisce poiblí timpeall an bhaile agus thosnaigh an t-uisce ag rith arís láithreach bonn. Tá an-athrú tagtha ar shaol mhuintir Gogne dá bharr.

*(Athchóirithe as Nuachtlitir Féinchabhair 2007)*